Tá tart an domhain orm.	I am parched.

Obair Ghrúpa

Agus sibh ag obair i ngrúpa de cheathrar, cuir ceist ar na daoine eile faoi chonas a n-airíonn siad. Mar shampla:

While working in groups of four, ask the others how they are feeling. For example:

Conas a airíonn tú?	<i>How do you feel?</i>
Airím go maith. Tá áthas an domhain orm	<i>I feel good. I am really happy</i>
nó	or
Airím go dona. Tá slaghdán orm	<i>I feel bad. I have a cold</i>

2. Cabhair leis an nGramadach/Help with the Grammar

The teacher will emphasise the most important of the following grammatical points. It is not essential that you learn them all off by heart.

Ar = On

Ar + mé = Orm

Orm	On me
Ort	On you
Air	On him
Uirthi	On her
Orainn	On us
Oraibh	On you (plural)
Orthu	On them

Reported speech:

"Tá mé tinn."

Dúirt sé **go bhfuil** sé tinn.

"Níl mé tinn."

Dúirt sé **nach bhfuil** sé tinn.

"I am sick."

He said he is sick.

"I am not sick."

He said he is not sick.

"Bhí slaghdán orm."

Dúirt sí **go raibh** slaghdán uirthi.

"Ní raibh slaghdán orm."

Dúirt sí **nach raibh** slaghdán uirthi.

"I had a cold."

She said she had a cold.

"I did not have a cold."

She said she did not have a cold.

3. Súil Siar/*Looking Back*

Gníomhaíochtaí scríbhneoireachta/*Writing Activities*

Aistrigh go Gaeilge:

1. I am hungry.....
2. Are you thirsty?.....
3. Is he usually cranky?.....
4. Were they angry?.....
5. He had a cold.....
6. She said she wasn't disappointed.....
7. I was reluctant to go.....
8. You (plural) are jealous.....

Gníomhachtaí éisteachta/*Listening activities (ceacht5)*

Éist leis an dlúthdhiosca agus freagair na ceistanna a leanas:

Listen to the CD and answer the following questions:

1. An airíonn an t-othar go maith?
2. An bhfuil tart ar an othar?
3. An bhfuil an t-othar tinn?

4. Obair Bhaile na Seachtaine seo/*This week's homework*

A. Work with the CD and the handbook regularly during the week as before. 20 minutes on a daily basis is an effective and realistic approach.

B. Keep a record in your Irish diary of how you feel each day.

Transcript of conversation, ceacht 5:
(Othar = patient, Dochtúir = Doctor)
Gníomhaíochtaí Éisteachta

Dochtúir: Cad atá ag cur as duit?

Othar: Ní airím go maith.

Dochtúir: An bhfuil tart ort?

Othar: Tá tart an domhain orm, a Dhochtúir.

Dochtúir: An bhfuil? Bhuel, an airíonn tú fuar?

Othar: Airím, a Dhochtúir. Airím an-fhuar. An bhfuil mé an-tinn?

Dochtúir: Níl ort ach slaghdán.

Ceacht 6 *Ar Scoil/In School*

In this lesson you will learn how to:

- * Address the class and direct the pupils.
- * Name the main features of a classroom.

1. Abairtí Úsáideacha:

Repeat each one as you hear it on the CD:

Páiste/í	Child/ren
Dalta/daltaí	Pupil/s
Múinteoir	Teacher
Seas!	Stand! (<i>singular</i>)
Seasaigí!	Stand! (<i>plural</i>)
Le do thoil	Please (<i>literally, at your will, singular</i>)
Le bhur dtoil	Please (<i>literally, at your will, plural</i>)
Tógaigí	Take (<i>plural</i>)
Suigh síos/suígí síos!	Sit dow! (<i>singular/plural</i>)
Isteach libh!	In with you! (<i>plural</i>)
Amach libh!	Out with you! (<i>plural</i>)
Tá mé déanach.	I am late.
Beidh mé ag caint leat.	I will be talking to you.
Do leabhar	Your book
Bhur leabhair	Your (<i>plural</i>) books

Nóta:

Like in many other languages, there is a distinct plural form of 'you' used in Irish when addressing more than one person.

Comhrá (ceacht 6 ar dhlúthdhiosca)

(Follow CD instructions as before.)

Tá múinteoir ag cur tús le ranganna an lae, ach ar dtús caithfidh sí na páistí uile a chur isteach sa seomra ranga agus iad a shocrú síos.

A teacher is beginning the day's classes, but first she must get all of the children into the class and settle them down.

Múinteoir: Dia daoibh ar maidin, a pháistí!

Páistí: Dia is Muire duit, a Mháistreas!

Múinteoir: Isteach libh anois suígí síos agus bígí ciúin. Maith sibh!

Dalta: Tá brón orm go bhfuil mé déanach ach bhí an bus déanach arís.

Múinteoir: Suigh síos. Maith an fear agus beidh mé ag caint leat arís. Tógaigí amach bhur leabhair le bhur dtoil.

Comhrá Ceacht 6 - Aistriúchán/Translation

<p>Dia daoibh ar maidin, a pháistí. Dia is Muire duit, a Mháistreas! Isteach libh anois. Suígí síos agus bígí ciúin. Maith sibh! Tá brón orm go bhfuil mé déanach ach bhí an bus déanach arís. Suigh síos. Maith an fear agus beidh mé ag caint leat arís. Tógaigí amach bhur leabhair le bhur dtoil.</p>	<p>Good morning children! Good morning Miss. In with you now. Sit down and be quiet. Good on you! I am sorry I am late but the bus was late again. Sit down. Good boy and I'll talk to you again. Take out your books please.</p>
---	---

Le foghlaim/To be learned

An seomra ranga.	The classroom
An clár dubh/bán.	The black/white board
An chailc	The chalk
An glantóir	The cleaner/duster
An leabhar/ na leabhair	The book/books
An cóipleabhar/na cóipleabhair.	The copybook/the copybooks
An peann/na pinn	The pen/the pens
An peann luaidhe/na pinn luaidhe.	The pencil/the pencils
An deasc/ na deasca	The desk/ the desks
An doras/na doirse	The door/the doors
An fhuinneog/na fuinneoga	The window/the windows
An chathaoir/na cathaoireacha	The chair/the chairs
An obair bhaile	The homework
An leithreas	The toilet

Obair Ghrúpa/Group Work

Agus sibh ag obair i ngrúpaí de cheathrar, bíodh duine agaibh ina mhúinteoir agus tabhair na treoracha a leanas san uimhir uathu agus san uimhir iolra do do dhaltáí:

While working in groups of four, have one person be the teacher and give the following instructions in the singular and plural to the pupils:

Seas suas le do thoil .	Please stand. (<i>singular</i>)
Seasaigí le bhur dtoil .	Please stand. (<i>plural</i>)
Suigh síos le do thoil .	Sit down please. (<i>singular</i>)
Suígí le bhur dtoil .	Sit down please. (<i>plural</i>)
Tóg amach do leabhar.	Take out your. (<i>singular</i>) book
Tógaigí amach bhur leabhair.	Take out your. (<i>plural</i>) books
Oscail an doras.	Open the door.
Dún an h uinneog.	Close the window.
Cuir cluas ort féin.	Listen.
Cuirigí cluas oraibh féin.	Listen.
Maith an fear.	Good man.
Maith an bhean.	Good woman.
Maith sibh.	Good on you. (<i>plural</i>)
Tabhair dom do leabhar, le do thoil .	Give me your book, please.
Tabhair dom an ch ailc, le do thoil .	Give me the chalk, please.

2. Cabhair leis an nGramadach/Help with Grammar

The teacher will emphasise the most important of the following grammatical points. It is not essential that you learn them all off by heart.

An Aimsir Fháistineach *The Future Tense*

The verb **To Be**

Beidh mé anseo amárach.	I will be here tomorrow.
Ní b heidh mé anseo amárach.	I will not be here tomorrow.
An m beidh tú anseo amárach?	Will you be here tomorrow?

Briathra Rialta le haon siolla amháin san Aimsir Láithreach agus san Aimsir Chaite:

Regular verbs with one syllable in the present and past tense.

Fréamh/Modh Ordaitheach <i>Root (& Imperative)</i>		Aimsir Chaite <i>Past tense</i>	Aimsir Láithreach <i>Present tense</i>
Dún	<i>close</i>	Dhún	Dúnann
Glan	<i>clean</i>	Ghlan	Glanann
Ól	<i>drink</i>	D'ól	Ólann
Tóg	<i>take</i>	Thóg	Tógann
Scríobh	<i>write</i>	Scríobh	Scríobhann
Seas	<i>stand</i>	Sheas	Seasann
Suigh	<i>sit</i>	Shuigh	Suíonn
Léigh	<i>read</i>	Léigh	Léann

Note the following:

Taobh istigh Inside
Taobh amuigh Outside

Istigh In (Stationary) Tá sé istigh. He is inside.
Amuigh Out (Stationary) Tá sí amuigh. She is outside.

Isteach In (Movement) Tá sé ag teacht isteach. He is coming in.
Amach Out (Movement) Tá sí ag dul amach. She is going out.

Amach leat! Out with you! (*singular*)
Isteach libh! In with you! (*plural*)

An Aidiacht Shealbhach = focal a chuireann seilbh in iúl.
The Possesive Adjective = a word that expresses possession

Mo chóta	My coat
Do chóta	Your coat
A chóta	His coat
A cóta	Her coat
Ár gcótaí	Our coats
Bhur gcótaí	Your coats
A gcótaí	Their coats

3. Súil Siar/*Looking Back*

Gníomhaíochtaí scríbhneoireachta/*Writing Activities*

Aistrigh go Gaeilge:

1. She is going out
2. He is inside now
3. Stand up, children!
4. Stop that, children!
5. Give me your book, please!.....
7. Give me your books, please! (plural).....
8. Listen now, children!

Gníomhachtaí Éisteachta/*Listening activities (ceacht 6)*

Éist leis an dlúthdhiosca agus freagair na ceistanna a leanas:

1. An bhfuil Seán istigh?
2. Cá bhfuil Siobhán?

4. Obair Bhaile na Seachtaine seo/This Week's Homework

A. Work with the CD and the handbook regularly during the week as before. 20 minutes on a daily basis is an effective and realistic approach.

B. Play **Raidió na Gaeltachta 93.2FM** as background noise. Even if you understand none of the words at first you will hear the rhythm of the language and a variety of speakers which will help you enormously later on in this course/in the learning process.

Transcript of Conversation - Ceacht 6

Gníomhaíochtaí Éisteachta

Múinteoir: Cá bhfuil Seán?

Dalta: Ceapaim go bhfuil sé taobh amuigh.

Múinteoir: Agus cá bhfuil Siobhán?

Dalta: Tá sí sa leithreas.

Múinteoir: Maith an cailín. Suigh síos anois.

Ceacht 7 *Caitheamh Aimsire/Pastimes*

In this lesson you will learn how to:

- * Talk about your hobbies and those of others.
- * Express interest in things.
- * Say what you like/prefer.

1. Abairtí Úsáideacha:

Repeat each one as you hear it on the CD:

Is maith liom peil/camogaíocht.
Is maith liom peil/camogaíocht a imirt.
Ní maith liom iománaíocht a imirt.
Is breá liom a bheith ag snámh.
Is maith liom a bheith ag dornálaíocht.
Is fearr liom sacar.
Is fearr liom sacar ná camógaíocht.
Tá suim agam sa spórt.
An bhfuil suim agat sa spórt?
Tá/Níl.
Bíonn sí ag imirt camógaíochta gach Luan.
Tá siad an-ghnóthach.

I like football/camogie.
I like to play football/camogie.
I don't like to play hurling.
I love to swim.
I like to box.
I prefer soccer.
I prefer soccer to camogie.
I am interested in sport.
Are you interested in sport?
I am/am not.
She plays camogie every Monday.
They are very busy.

Comhrá (ceacht 7 ar dhlúthdhiosca) (Follow CD instructions as before.)

Tá beirt tuismitheoirí ag caint faoi chaitheamh aimsire a bpáistí.

Two parents are talking about their children's pastimes.

Síle: Conas atá na páistí?

Seán: Tá siad an-ghnóthach. Bíonn Aoife ag imirt camógaíochta gach Aoine agus bíonn sí ag imirt peile gach Satharn. Bíonn Séamas ag snámh gach Luan agus ag dornálaíocht gach Céadaoin.

Síle: Tá mo bheirt mar an gcéanna. Is breá le Mícheál a bheith ag snámh ach is fearr le Kathy sacar a imirt.

Comhrá Ceacht 7 - Aistriúchán/Translation

<p>Conas atá na páistí? Tá siad an-ghnóthach. Bíonn Aoife ag imirt camógaíochta gach Aoine agus bíonn sí ag imirt peile gach Satharn. Bíonn Séamas ag snámh gach Luan agus ag dornálaíocht gach Céadaoin. Tá mo bheirt mar an gcéanna. Is breá le Mícheál a bheith ag snámh ach is fearr le Kathy sacar a imirt.</p>	<p>How are the children? They are very busy. Aoife plays camogie every Friday and she plays football every Saturday. Séamas swims every Monday and boxes every Wednesday. My two are the same. Mícheál loves to swim but Kathy prefers to play soccer.</p>
--	---

Le Foghlaim/To be learned

Caitheamh Aimsire

Léitheoireacht

Siúl

Marcaíocht capall

Leadóg

Grianghrafadóireacht

Ealáin

Péintéireacht

Amhránaíocht

Damhsa

Scríobh

Cniotáil

Reading

Walking

Horse-riding

Tennis

Photography

Art

Painting

Singing

Dancing

Writing

Knitting

Obair Bheirte/Pair Work

Agus tú ag obair i mbeirteanna, cuir na ceisteanna a leanas ar an duine in aice leat:

While working in twos, ask the following questions of the person beside you:

An maith leat peil?

Answer=Is maith/Ní maith.

An maith leat camógaíocht?

An maith leat a bheith ag léamh?

An maith leat a bheith ag snámh?

Cén caitheamh aimsire is fearr leat?

Answer=Is fearr liom iománaíocht srl.....

Do you like football?

I do/don't.

Do you like camogie?

Do you like to read?

Do you like to swim?

What is your favourite pastime?

I prefer hurling etc....

2. Cabhair leis an nGramadach/Help with Grammar

The teacher will emphasise the most important of the following grammatical points. It is not essential that you learn them all off by heart.

Ag Comhaireamh/Counting

Objects/Things

Buidéal amháin	One bottle
Dhá bhuidéal	Two bottles
Trí bhuidéal	Three bottles
Ceithre bhuidéal	Four bottles
Cúig bhuidéal	Five bottles
Sé bhuidéal	Six bottles
Seacht mbuidéal	Seven bottles
Ocht mbuidéal	Eight bottles
Naoi mbuidéal	Nine bottles
Deich mbuidéal	Ten bottles

There are different words for counting people in Irish:

People:

Duine amháin	One person
Beirt	Two people
Triúr	Three people
Ceathrar	Four people
Cúigear	Five people
Seisear	Six people
Seachtar	Seven people
Ochtar	Eight people
Naonúr	Nine people
Deichniúr	Ten people

3. Súil Siar/*Looking Back*

Gníomhaíochtaí scríbhneoireachta/*Writing activities*

Aistrigh go Gaeilge:

- 1) I love camogie.....
- 2) I prefer hurling.....
- 3) He loves Gaelic Football.....
- 4) They like boxing.....
- 5) I like to read.....
- 6) I prefer swimming.....
- 7) I'm interested in reading.....
- 8) I like to paint.....

Gníomhaíochtaí Éisteachta/*Listening Activities (ceacht 7)*

Éist leis an dlúthdhiosca agus freagair na ceisteanna a leanas:

Listen to the CD and answer the following questions:

1. An maith le Síle a bheith ag snámh?
2. An mbíonn Seán ag imirt peile?
3. An mbíonn Síle ag snámh gach lá?

4. Obair Bhaile na Seachtaine seo/*This Week's Homework*

A. Work with the CD and the handbook regularly during the week as before. 20 minutes on a daily basis is an effective and realistic approach.

B. Imagine you are writing to someone who knows nothing about you - tell them where you live, what you like to do etc.

Transcript of conversation, ceacht 7:

Gníomhaíochtaí Éisteachta

Seán: An maith leat snámh, a Shíle?

Síle: Is maith ach is fearr liom peil a imirt.

Seán: Bím ag snámh gach maidin agus bím ag imirt peile gach Satharn.

Síle: Ní bhím ag snámh ach Dé Domhnaigh.

Ceacht 8 *Siopadóireacht/Shopping*

In this lesson you will learn how to:

- * Buy items from a shop.
- * Discuss prices and the quality of items.

1. Abairtí Úsáideacha:

Repeat each one as you hear it on the CD:

Tá mé ag dul ag siopadóireacht.	I am going shopping.
Caithfidh mé culaith scoile a cheannach.	I have to buy a school uniform.
Cad é do bharúil?	What do you think?
Tá sé sin costasach.	That is expensive
Tá sin saor.	That is cheap.
Cé mhéad atá air sin?	How much is that?
Sin 10 euro 10 cent.	That's 10 euro 50 cent.
Bain triail as.	Try this one on.
Cuir ort an geansaí	Put on the jumper.
An bhfuil sé ró-mhór?	Is it too big?
An bhfuil se ró-bheag?	Is it too small?
Tá sé díreach i gceart.	It is just right.

Comhrá (ceacht 8 ar dhlúthdhiosca) (Follow CD instructions as before.)

Tá tuismitheoir ag dul ag siopadóireacht le culaith scoile a cheannach.

A parent is going shopping to buy a school uniform

Siopadóir:	Dia duit!
Tuismitheoir:	Dia is Muire duit! Caithfidh mé culaith scoile a cheannach do Mháire.
Siopadóir:	Bain triail as an gceann seo.
Tuismitheoir:	Cuir ort an geansaí, a Mháire. An bhfuil sé ró-bheag?
Siopadóir:	Tá sé díreach i gceart.
Tuismitheoir:	Cuir ort an sciorta anois, a Mháire. Cad é do bharúil?
Siopadóir:	Ceapaim go bhfuil sé ró-mhór. Cuir ort an ceann seo.
Tuismitheoir:	Tá sé sin díreach i gceart. Cé mhéad atá air sin?
Siopadóir:	Sin 10 euro 10 cent.
Tuismitheoir:	Tá sé sin costasach ach caithfidh mé é a cheannach. Seo 20 euro.
Siopadóir:	Go raibh maith agat.

Comhrá Ceacht 8 - Aistriúchán/Translation

<p>Dia duit! Dia is Muire duit! Caithfidh mé culaith scoile a cheannach do Mháire. Bain triail as an gceann seo. Cuir ort an geansaí, a Mháire. An bhfuil sé ró-bheag? Tá sé díreach i gceart. Cuir ort an sciorta anois, a Mháire. Cad é do bharúil? Ceapaim go bhfuil sé ró-mhór. Cuir ort an ceann seo. Tá sin díreach i gceart. Cé mhéad atá air sin? Sin 10 euro 10 cent. Tá sé sin costasach ach caithfidh mé é a cheannach. Seo fiche euro. Go raibh maith agat.</p>	<p>Hello! Hello! I have to buy a school uniform for Máire. Try this one. Put on the jumper, Mary. Is it too small? It is just right. Put on the skirt now, Mary. What do you think? I think it is too big. Put on this one. That is just right. How much is that? That's 10 euro 10 cent. That is expensive but I have to buy it. Here is twenty euro. Thank you.</p>
---	---

Le Foghlaim/To be learned

An bhfuil sé sin compordach?

Tá/Níl.

Siopadóir

Custaiméir

Ar **mhaith** leat?

Ba **mhaith** (liom)

Níor **mhaith** (liom)

Ba **mhaith** liom...le do **thoil**

Ba **mhaith** liom..más e do **thoil** é

Cad atá uait?

Tá bríste uaim.

Tá briste buachalla uaim, le do **thoil**.

Airgead

Cárta airgid

Airgead tirim

Íoc

Ar **mhaith** leat íoc as sin le....

Ar **mhaith** least íoc as sin le **hairgead** tirim?

Is that comfortable?

Yes/No. (It is/it is not)

Shopkeeper

Customer

Would you like?

(I) would like

(I) would not like

I would like..please

I would like...please (*if it is your wish*)

What do you want?

I want (a pair of) trousers.

I want boy's trousers please.

Money

Cash card

Cash

Pay

Would you like to pay for that with..

Would you like to pay for that with cash?

Cén tomhas?
Beag/meánach/mór

Éadaí

Geansaí
Sciorta
Cóta
Stocaí
Bróga
Fo-éadaí
Bríste
Seaicéad
Casóg
Léine
Carbhat
Éadaí buachalla
Éadaí cailín

Ag Comhaireamh

Aon euro dhéag
Dhá euro dhéag
Trí euro dhéag
Ceithre euro dhéag
Cúig euro dhéag
Sé euro dhéag
Seacht euro dhéag
Ocht euro dhéag
Naoi euro dhéag

Fiche euro
Tríocha euro
Daichead euro
Caoga euro
Seasca euro
Seachtó euro
Ochtó euro
Nócha euro
Céad euro

What size?
Small/medium/large

Clothes

Jumper
Skirt
Coat
Socks
Shoes
Underclothes
Trousers
Jacket
Jacket
Shirt
Tie
Boy's clothes
Girl's clothes

Counting

11 euro
12 euro
13 euro
14 euro
15 euro
16 euro
17 euro
18 euro
19 euro

Twenty euro
Thirty euro
Forty euro
Fifty euro
Sixty euro
Seventy euro
Eighty euro
Ninety euro
One hundred euro

Obair Bheirte/Pair Work

Agus tú ag obair leis an duine in aice leat, lig oraibh gur custaiméir agus siopadóir sibh. Ceannaigh culaith scoile do pháiste:

While working with the person beside you, imagine you are customer and shopkeeper. Buy a school uniform for a child:

Mar shampla:

Cad atá uait?

Ba mhaith liom léine bhuachalla a cheannach, le do thoil.

Cén tomhas atá uait?

Léine bheag le do thoil.

Cé mhéad atá air sin?

20 euro

Ar mhaith leat íoc as sin le cárta airgid?

Níor mhaith. Ba mhaith liom íoc as le hairgead tirim.

2.Cabhair leis an nGramadach/Help with Grammar

The teacher will emphasise the most important of the following grammatical points. It is not essential that you learn them all off by heart.

Ó <i>Ó + Mé = Uaim</i>	From <i>From me</i>	Le <i>Le + mé = Liam</i>	With <i>With me</i>
Uaim	From me	Liam	With me
Uait	From you	Leat	With you
Uaidh	From him	Leis	With him
Uaithi	From her	Léi	With her
Uainn	From us	Linn	With us
Uaibh	From you (pl)	Libh	With you (plural)
Uathu	From them	Leo	With them

Briathra Rialta le níos mó ná siolla amháin san Aimsir Láithreach, san Aimsir Chaite agus san Aimsir Fháistineach: *Regular verbs with more than one syllable in the present, past and future tense:*

Modh Ordaitheach <i>Imperative</i>	Aimsir Chaite <i>Past Tense</i>	Aimsir Láithreach <i>Present Tense</i>	Aimsir Fháistineach <i>Future Tense</i>
Ceannaigh <i>Buy</i>	Cheannaigh	Ceannaíonn	Ceannóidh
Tosaigh <i>Begin</i>	Thosaigh	Tosaíonn	Tosóidh
Críochnaigh <i>Finish</i>	Chríochnaigh	Críochnaíonn	Críochnóidh
Dúisigh <i>Wake up</i>	Dhúisigh	Dúisíonn	Dúiseoidh
Éirigh <i>Rise/Get up</i>	D'éirigh	Éiríonn	Éireoidh
Imigh <i>Go away</i>	D'imigh	Imíonn	Imeoidh
Foghlaim <i>Learn</i>	D'fhoghlaim	Foghlaimíonn	Foghlaiméoidh

3. Súil Siar/Looking Back

Gníomhaíochtaí scríbhneoireachta/Writing Activities

Aistrigh go Gaeilge:

1. How much is that ?.....
2. What do you want?.....
3. I'd like to buy this shirt please.....
4. That's 15 euro please.....
5. Do you like these trousers? I do.....
6. Would you like to buy this coat? I would
7. Is it too big?.....
8. It is exactly right.....

Gníomhachtaí Éisteachta/Listening Activities (ceacht 8)

Éist leis an dlúthdhiosca agus freagair na ceisteanna a leanas:

Listen to the CD and answer the following questions:

1. An raibh an léine compordach?
2. Cé mhéad a bhí air?
3. Ar íoc sé as le hairgead tirim?

4. Obair Bhaile na Seachtaine seo/This Week's Homework

A. Work with the CD and the handbook regularly during the week as before. 20 minutes on a daily basis is an effective and realistic approach.

B. Write a letter to a friend telling her about your recent shopping trip.

Transcript of conversation, ceacht 8:

Gníomhaíochtaí Éisteachta

Siopadóir: Dia duit! Cad atá uait?

Custaiméir: Tá léine uaim.

Siopadóir: Bain triail as an gceann seo. An bhfuil sé sin compordach ort?

Custaiméir: Tá. Tá se díreach i gceart. Cé mhéad atá air sin?

Siopadóir: Fiche euro.

Custaiméir: Tá sé sin saor. Íocfaidh mé as le cárta airgid.

Siopadóir: Go raibh maith agat.

Ceacht 9 Ócáidí Sóisialta/Social Occasions

In this lesson you will learn how to:

- * Tell the time.
- * Make arrangements with friends.

1. Abairtí Úsáideacha:

Repeat each one as you hear it on the CD:

Cén t-am é?

Tá sé leathuair tar éis a seacht.

An dtiocfaidh tú amach liom?

Tiocfaidh/Ní thiocfaidh.

Cén áit?

Cá bhfuil sibh ag dul?

Táimid ag dul chuig bialann.

An maith leat bia na hIndia?

Is maith.

Tá an bhialann sin go hálainn.

What time is it?

It is half past seven.

Will you come out with me?

I will/I won't.

What place?

Where are you going?

We are going to a restaurant.

Do you like Indian food?

I do.

That restaurant is lovely.

Comhrá (ceacht 9 ar dhlúthdhiosca)

(Follow CD instructions as before.)

Tá beirt ag déanamh socruithe le dul amach.

Two people are making arrangements to go out

Síle: An dtiocfaidh tú amach linn anocht, a Sheáin?

Seán: Tiocfaidh. Cá bhfuil sibh ag dul?

Síle: Táimid ag dul chuig bialann. An maith leat bia na hIndia?

Seán: Is breá liom bia na hIndia. An bhfuil sibh ag dul chuig an gceann i lár na cathrach?

Síle: Tá. Tá an bhialann sin go hálainn.

Seán: Cén t-am a mbeidh sibh ag dul amach?

Síle: Ag leathuair tar éis a seacht.

Seán: Feicfidh mé ansin sibh.

Síle: Slán go fóill mar sin.

Comhrá Ceacht 9 - Aistriúchán/Translation

An dtiocfaidh tú amach linn anocht, a Sheáin? Tiocfaidh. Cá bhfuil sibh ag dul? Táimid ag dul chuig bialann. An maith leat bia na hIndia? Is breá liom bia na hIndia. An bhfuil sibh ag dul chuig an gceann i lár na cathrach? Tá. Tá an bhialann sin go hálainn. Cén t-am a bheidh sibh ag dul amach? Ag leathuair tar éis a seacht. Feicfidh mé ansin sibh. Slán go fóill mar sin.	Will you come out with us tonight, Seán? I will. Where are you going? We are going to a restaurant. Do you like Indian food? I love Indian food. Are you going to the one in the city centre? We are. That restaurant is lovely. What time will you be going out? At half past seven. I will see you then. Bye for now then.
--	--

Le Foghlaim/ To be learned

a haon a chlog
a dó a chlog
a trí a chlog
a ceathair a chlog
a cúig a chlog
a sé a chlog
a seacht a chlog
a hocht a chlog
a naoi a chlog
a deich a chlog
a haon déag a chlog
a dó dhéag a chlog

one o' clock
two o' clock
three o' clock
four o' clock
five o' clock
six o' clock
seven o' clock
eight o' clock
nine o' clock
ten o' clock
eleven o' clock
twelve o' clock

Tá sé a haon déag a chlog.
Tá sé leathuair tar éis a haon.
Tá sé ceathrú chun a dó.
Tá sé ceathrú tar éis a trí.
Tá sé beagnach meán lae.
Tá sé beagnach meán oíche.

It is one o' clock.
It is half past one.
It is a quarter to two.
It is a quarter past three.
It is almost midday.
It is almost midnight.

Obair Bheirte/Pair Work

Agus tú ag obair leis an duine in aice leat, cuir ceist faoi cén t-am é. Bain úsáid as na leaganacha thuas.

While working with the person beside you, ask questions about the time. Use the above phrases. (Teacher may draw clocks on board with various times shown.)

2. Cabhair leis an nGramadach/Help with Grammar

The teacher will emphasise the most important of the following grammatical points. It is not essential that you learn them all off by heart.

de=of

de + an = den = of the (lenites except with words beginning with t or d)

taobh amuigh den bhialann

outside of the restuarant

taobh istigh den bhialann

inside the restuarant

taobh amuigh den phictiúrlann

outside of the cinema

taobh istigh den teach ósta

inside the pub

taobh amuigh den doras

outside the door

Note that nouns are often used in Irish where adjectives would be used in English, for example:

Indian food

Bia na hIndia

Food of India

A Chinese Restuarant

Bialann na Síne

A restaurant of China

American Soldiers

Saighdiúirí Mheiriceá

Soldiers of America

Spanish Journalists

Iriseoirí na Spáinne

Journalists of Spain

This conjunction of nouns causes the second noun to be in the genitive case. You will learn more about this in part two of the course.

3. Súil Siar/*Looking Back*

Gníomhachtaí scríbhneoireachta/*Writing Activities*

Aistrigh go Gaeilge:

1. Where are you (plural) going?.....
2. Are you coming out with us tonight?.....
3. What time are you going out at?.....
4. At half past eight.
5. I will see you inside the restaurant at 8.30.....
6. Do you like Indian food?.....
7. I love it.....
8. Do you like Spanish food?.....

Gníomhachtaí Éisteachta/*Listening Activities (ceacht 9)*

Éist leis an dlúthdhiosca agus freagair na ceistanna a leanas:

Listen to the CD and answer the following questions:

1. An maith le Síle dul chuig an bpictiúrlann?
2. An maith le Síle bia na hIndia?
3. Cén áit a bhfuil an bhiailann álainn?
4. Cén t-am a bheidh siad ag dul chuig an mbiailann?

4. Obair Bhaile na Seachtaine seo/*This Week's Homework*

A. Work with the CD and the handbook regularly during the week as before. 20 minutes on a daily basis is an effective and realistic approach.

B. Write a note to a friend inviting her to go out with you tonight, saying where you are going, what time etc.

Transcript of conversation, ceacht 9

Gníomhaíochtaí Éisteachta

Sean: An dtiocfaidh tú amach liom amárach?

Síle: Tiocfaidh.

Seán: Ar mhaith leat dul chuig an bpictiúrlann?

Síle: Níor mhaith. Is fearr liom dul chuig bialann.

Seán: An maith leat bia na hIndia?

Síle: Is fearr liom bia na Spáinne. Tá bialann álainn i lár na cathrach.

Seán: Feicfidh mé taobh amuigh den doras tú ag leathuair tar éis a naoi.

Síle: Slán go fóill mar sin.

Ceacht 10 *Meáin Chumarsáide na Gaeilge/Irish language media*

In this lesson you will learn how to:

- * Talk about your favourite TV and Radio programmes.
- * The newspapers that you read.

1. Abairtí Úsáideacha:

Repeat each one as you hear it on the CD:

Bím ag léamh an nuachtáin *Lá* gach lá.

Léann mé *Foinse* gach seachtain.

Bím ag éisteacht le *Raidió na Gaeltachta*.

Bím ag féachaint ar *TG4* go minic.

Bím ag féachaint ar *Ros na Rún* anois is arís.

Is fearr liom *Ros na Rún* ná an *Nuacht*.

Is maith liom na cláracha faisnéise.

Is maith liom an clár sin mar tá sé suimiúil.

Chonaic mé clár **grinn** aréir.

Chuala mé clár suimiúil Dé hAoine.

I read the newspaper *Lá* every day.

I read *Foinse* every week.

I listen to *Raidió na Gaeltachta*.

I watch *TG4* often.

I watch *Ros na Rún* now and again.

I prefer *Ros na Rún* to the News.

I do not like comedy programmes

I like that programme because it's interesting.

I saw a comedy programme last night.

I heard an interesting programme on Friday.

Comhrá (ceacht 10 ar dhlúthdhiosca) (Follow CD instructions as before.)

Tá beirt fhoghlaimoirí Gaeilge ag caint faoi mheáin chumarsáide na Gaeilge.
Two Irish language students are talking about the Irish language media.

Síle: An léann tú na nuachtáin Ghaeilge, a Sheáin?

Seán: Léann mé *Foinse* gach seachtain ach ní léim *Lá*.

Síle: An mbíonn tú ag féachaint ar *TG4*?

Seán: Bím, go minic. Is breá liom *Ros na Rún* mar tá sé éadrom.

Síle: Is fearr liom na cláracha faisnéise mar tá siad suimiúil ach chonaic mé *Ros na Rún* aréir agus bhí sé an-ghreannmhar.

Seán: An mbíonn tú ag éisteacht le *Raidió na Gaeltachta* anois is arís?

Síle: Bíonn. Chuala mé clár suimiúil Dé hAoine faoi mhúinteoirí.

Comhrá Ceacht 10 - Aistriúchán/Translation

<p>An léann tú na nuachtáin Ghaeilge, a Sheáin? Léann mé Foinse gach seachtain ach ní léim Lá. An mbíonn tú ag féachaint ar TG4? Bím, go minic. Is breá liom Ros na Rún mar tá se éadrom. Is fearr liom na cláracha faisnéise mar tá siad suimiúil ach chonaic mé Ros na Rún aréir agus bhí sé an-ghreannmhar.. An mbíonn tú ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta anois is arís? Bíonn. Chuala me clár suimiúil faoi mhúinteoirí Dé hAoine.</p>	<p>Seán, do you read the Irish language newspapers? I read Foinse every week but I don't read Lá. Do you watch TG4? I do, often. I love Ros na Rún because it is light. I prefer the documentaries because they are interesting but I saw Ros na Rún last night and it was very funny. Do you listen to Raidió na Gaeltachta now and again? I do. I heard an interesting programme about teachers on Friday.</p>
---	--

Le Foghlaim/ To be learned

clár/cláracha teilifíse/Raidió
clár nuachta
clár faisnéise
clár grinn
scannán/scannáin

television/radio programme/s
news programme
documentary
comedy programme
film/s

Tá sé greannmhar.
Tá sé spéisiúil.
Tá sé spreagúil.
Tá sé spleodrach.
Tá sé rómánsúil.
Tá sé áiféiseach.

It is funny.
It is interesting.
It is inspiring.
It is lively.
It is romantic.
It is ridiculous.

Obair Bheirte/Pair Work

Agus tú ag obair leis an duine in aice leat, pléigh na cláracha teilifíse/raidió is fearr leat.
Working with the person beside you, discuss the television programmes that you most like.

Is breá liom *Fair City*.

Is breá liom a bheith ag féachaint ar *Fair City* mar tá sé éadrom

Is breá liom *Ros na Rún*.

Is breá liom a bheith ag féachaint ar *Ros na Rún* mar tá sé an-ghreannmhar

Is maith liom Raidió na Gaeltachta.

Is maith liom a bheith ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta mar tá sé suimiúil.

Is maith liom cláracha faisnéise,

Is maith liom cláracha grinn.

Ní maith liom sin mar tá sé áiféiseach.

Ceapaim go bhfuil an clár sin go maith.

Ceapaim nach bhfuil an clár sin ró-mhaith.

2.Cabhair leis an nGramadach/ Help with Grammar

The teacher will emphasise the most important of the following grammatical points. It is not essential that you learn them all off by heart.

Na briathra neamhrialta, seachas an chopail ‘is’.

Briathara	Béarla	Aimsir Chaite (First person singular)	Aimsir Láithreach	Aimsir Fháistineach
Abair	Say	Dúirt mé	Deirim	Déarfaidh mé
Beir	Carry/ Catch/Be born	Rug mé	Beirim	Béarfaidh mé
Bí	Be	Bhí mé	Bím	Beidh mé
Clois	Hear	Chuala mé	Cloisim	Cloisfidh mé
Déan	Do/Make	Rinne mé <i>Ní dhearna mé</i>	Déanaim	Déanfaidh mé
Faigh	Get	Fuair mé	Faighim	Gheobhaidh mé
Feic	See	Chonaic mé <i>Ní fhaca mé</i>	Feicim	Feicfidh mé
Ith	Eat	D’ith mé	Ithim	Íosfaidh mé
Tabhair	Give	Thug mé	Tugaim	Tabharfaidh mé
Tar	Come	Tháinig mé	Tagaim	Tiocfaidh mé
Téigh	Go	Chuaigh mé <i>Ní dheachaigh mé</i>	Téim	Rachaidh mé

3. Súil siar/*Looking back*

Gníomhachtaí Scríbhneoireachta/*Writing Activities*

Aistrigh go Gaeilge:

1. What is your favourite Television programme?.....
2. My favourite programme is Ros na Rún.....
3. I love documentaries.....
4. I think the comedies are ridiculous.....
5. I watch TG4 often.....
6. I saw an interesting programme on TG4 on Saturday.....
7. I watch the News now and then.....
8. I heard the News last night.....

Gníomhaíochtaí Éisteachta/*Listening Activities (ceacht 10)*

Éist leis an dlúthdhiosca agus freagair na ceistanna a leanas:

Listen to the CD and answer the following questions:

1. An mbíonn Seán ag féachaint ar an Nuacht ar TG4?
2. Cén fáth?
3. Cad iad na cláracha is fearr le Síle?

4. Obair Bhaile na Seachtaine seo/*This Week's Homework*

A. Work with the CD and the handbook regularly during the week as before. 20 minutes on a daily basis is an effective and realistic approach.

B. Write a description of the programmes you have watched and listened to during the week and what you thought of them.

Transcript of conversation, ceacht 10:

Gníomhaíochtaí Éisteachta

Síle: An mbíonn tú ag féachaint ar an Nuacht ar TG4?

Seán: Ní bhíonn. Is fearr liom cláracha coiméide.

Síle: Cén clár teilifíse is fearr leat?

Seán: Ní bhíonn mé ag féachaint ar an teilifís ach anois is arís ach chonaic mé clár suimiúil aréir faoi Yasser Arafat.

Síle: Is breá liomsa cláracha faisnéise freisin.